
BALLYBOFEY-STRANORLAR FLOOD RELIEF SCHEME

Comhairle Contae Dhún na nGall Donegal County Council

Tionscadal Éireann Project Ireland 2040

OPW Oifig na nOibreacha Poiblí Office of Public Works

# Scéim Faoisimh Tuilte Bhaile Féich-Srath an Urláir



## Nuachtlitir Meán Fómhair 2025

SAN EAGRÁN SEO

Samhaltú Hiodrálach lch 2
Suirbhéireachtaí & Imscrúduithe Lch 3
Measúnachtaí Timpeallachta lch 4
Na Chéad Chéimeanna Eile lch 5

# An Scéal Is Déanaí

Seo an ceathrú nuachtlitir déag ag Scéim Faoisimh Tuilte Bhaile Féich-Srath an Urláir. Ar na nithe is mó a rinneadh ó bhí an ceann roimhe ann, cuireadh an tuairisc mionsamhlaithe hiodrálaice i gcrích agus imscrúdú talaimh breise


# Samhaltú Hiodrálach

Úsáideadh samhail hiodrálach Scéim Faoisimh Tuilte Bhaile Féich le heachtraí tuile a spreagadh taobh istigh de Bhaile Féich/Srath an Urláir. Léirmhínigh foireann tionscadail na scéime faoisimh tuilte na spreagthaí leis na ceantair a aithint ina bhfuil gá le bearta faoisimh tuilte.

Rinneadh nuashonrú ar an tsamhail hiodrálach le faisnéis bhreise ón tsuirbhéireacht. Tá anailís a déanamh ag an fhoireann tionscadail ar na tóchair agus ar na struchtúir le suímh a aimsiú atá i mbaol forsceite mar gheall ar bhactha. Tá an tuairisc hiodrálach á nuashonrú taobh leis na nuashonruithe ar an tsamhail hiodrálach.



Abhainn na Finne taobh thiar d'Óstán Jackson, Baile Féich



Abhainn na Finne, CLG Mac Cumhaill


# Suirbhéireachtaí agus Imscrúduithe

D'aithin an fhoireann tionscadail ceantair le haghaidh tuilleadh imscrúdaithe i gconradh imscrúdaithe talaimh, clúdóidh sé seo ceantair atá á meas mar chuid den mheasúnacht roghnúcháin.

Roimh an chonradh seo rinne speisialtóirí Measúnacht Tionchair Seandálaíochta (AIA) agus scagadh Measúnaithe Cuí (AA) le tionchair ó na imscrúdaithe ar a dtimpeallacht máguaird a mheas. Tá na tuairiscí á gcur i gcrích ag na speisialtóirí.

Táthar ag súil go ndéanfar na suirbhéireachtaí imscrúdaithe talaimh níos moille go luath in 2026.

Rinneadh suirbhéireachtaí breise le tuilleadh eolais a bhailiú faoi leibhéil tairsí na talún agus na réadmhaoine agus fóntais atá ann cheana féin le heolas a dhéanamh do na próisis measúnachta tuilte agus roghnúcháin.



Ballybofey GI Scope of Works

# Gníomhaíochtaí Timpeallachta

Cuireadh an chóireáil le haghaidh an speicis ionraigh, balsam Himiléach i gcrích go luath sa samhradh agus tá an chóireáil le haghaidh ghlúineach bhiorach le tarlú go luath san fhómhar.

Nuair a bheas na Roghanna deimhnithe, rachaidh measúnú scóipe do shainsuirbhéireacht timpeallachta ar aghaidh, lena n-áirítear torann agus creathadh, cáilíocht an aeir, agus an tírdhreach agus gnéithe amhairc.

# Roghnúchán

Tá an chéad scagthástáil ar bhearta féideartha faoisimh tuilte curtha i gcrích ag an fhoireann Tionscadail. Baineadh úsáid as an tsamhaltú hiodrálach le bearta inmharthana do gach cill tuile a mheas. Bainfear úsáid as meascán bearta le roghanna faoisimh tuilte den scéim a spreagadh.

Nuair a bheas na roghanna deiridh réidh, cuirfear faoi bhráid an chliaint iad ar cheardlann roghnúcháin a reáchtálfaidh Ayesa agus Arcadis. I ndiaidh na ceardlainne, ullmhóidh Ayesa na roghanna a bheas le cur faoi bhráid an phobail agus na bpáirtithe leasmhara le haghaidh comhairliúcháin, le tacú le haithint rogha scéime is fear a thiocfaidh chun cinn do Bhaile Féich – Srath an Urláir.

# Na Chéad Chéimeanna Eile

Sna míonna atá romhainn, Beidh an Fhoireann Tionscadail ag obair ar:

- **An tuairisc hiodrálach a chur i gcrích**
- **Thús a chur le hImscrúduithe Talaimh ar an Láthair**
- **Tuairisciú Roghnúcháin a chur chun cinn**

# Déan Teagmháil Linn

**Más mian leat teagmháil a dhéanamh leis an Fhoireann Tionscadail s'againn i dtaca le ceist ar bith a bhaineann le Scéim Cosanta Tuilte Bhaile Féich-Srath an Urláir, tig sin a dhéanamh ar na bealaí seo a leanas:**

## Ríomhphost

Ballybofey-StranorlarFRS@Ayesa.com

## Gnáthphost

Bainisteoir Tionscadail Scéim Faoisimh Tuilte Bhaile Féich-Srath an Urláir

Ayesa

Foirgneamh 2100

Páirc Ghnó Aerfort Chorcaí

Bóthar Chionn tSáile

Corcaigh

## Fón

+353 (0) 21 240 7988

**Más mian leat aon eolas eile a fháil i dtaca leis an Scéim, lena n-áirítear an clár, tabhair cuairt ar an tsuíomh gréasáin s'againn:** www.floodinfo.ie/frs/en/ballybofey-stranorlar/home/